
# The Invincibles




Eochairfhocail: dí-adhlacadh, crochadh, reilig, dúnmharú, Páirc an Fhionnuisce, gaolta.

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht. labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1.Cén fáth ar crochadh grúpa fear, ar tugadh The Invincibles orthu, sa bhliain 1882?
2.Cérbh iad na daoine a hionsaíodh i bPáirc an Fhionnuisce in 1882?
3.Cé mhéad duine de na Invincibles a daoradh chun báis?
4.Cén chuid de cholainn Joe Brady a cheaptar a baineadh tar éis a chrochta?
5.Cad a theastaíonn ó Choláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn chun go ndéanfaidh siad tástálacha DNA ar na coirp atá i stóras acu?
6.Ar fhreagair an Coláiste ceisteanna an tuairisceora faoi cheann Joe Brady?
7.Cén áit a bhfuil corp na bhfear a crochadh sa bhliain 1882 anois?
8.Cén áit ar mhaith lena ngaolta go gcuirfí coirp na bhfear?
9.Cad é an rud a bhfuil ceisteanna móra teicniúla, dlí agus eitice ag baint leis dar le hOifig na nOibreacha Poiblí?
10. An bhfuil spéis agat i stair na hÉireann? Cén fáth?

# Gníomhaíocht scríbhneoireachta agus labhartha: Deachtú



Ag obair le do pháirtí ranga léadh an chéad duine an chéad sliocht amach agus scríobhann an duine eile an méid a chloiseann sé/sí síos. Ansin, babhtálaigí róil.

1.Grúpa míleata a tháinig chun cinn i mBaile Átha Cliath luath sna 1880idí a bhí sna Invincibles. Baill de Bhráithreachas Poblachtánach na hÉireann a bhí iontu. Theastaigh uathu neamhspleáchas na hÉireann ón mBreatain a bhaint amach trí mhodhanna foréigneacha. Ní raibh aon mhuinín acu as an bpolaitíocht bhunreachtúil. Bhain Dúnmharuithe Pháirc an Fhionnuisce sa bhliain 1882 geit mhór as muintir na hÉireann agus as muintir na Breataine ar aon agus ghabh na póilíní abhus cuid mhaith daoine ar cheap siad a raibh baint acu leis na dúnmharuithe. Ar deireadh, ciontaíodh agus daoradh chun báis cúigear fear as na dúnmharuithe. Is cinnte mar sin gur fhág na Invincibles a rian ar stair na hÉireann sa naoú haois déag.

2.Osclaíodh Príosún Chill Mhaighneann sa bhliain 1796. Sa naoú haois déag agus ag tús an fhichiú haois ba ghnách gnáthchoirpigh agus príosúnaigh pholaitiúla náisiúnacha a bheith sa phríosún i dteannta a chéile. Maraíodh ceannairí Éirí Amach na Cásca sa bhliain 1916 i gclós sa phríosún. B'shin ceann de na heachtraí ba thábhachtaí i stair na hÉireann sa bhfichiú haois mar gur iompaigh na heachtraí seo tuairim an phobail i bhfábhar na gceannairí. Dúnadh an príosún sa bhliain 1924. Tháinig drochbhail ansin ar an bpríosún. Rinneadh obair athchóirithe air agus athosclaíodh Príosún Chill Mhaighneann mar mhúsaem sa bhliain 1966.

# Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Is ball tú de Chumann Uaigheanna na Laochra Gael agus ba mhaith leat go gcuirfí coirp an chúigir fear i Reilig Ghlas Naíon le poblachtánaigh eile. Scríobh an litir a chuirfeá chuig an Rialtas ag impí orthu cead a thabhairt é sin a dhéanamh. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

| | |
|---|---|
| A dhuine uasail, | Impímid ort |
| níl sé ceart, cóir ná cothrom | breis is 140 bliain ó shin |
| stair na hÉireann | troid ar son na saoirse |
| gaolta na marbh | éagóir |
| an rud a chur ina cheart | dí-adhlacadh |
| bheinn buíoch dá mbuailfeá liom | Le dea-ghuí, |



## Freagraí

1. As dúnmharú a dhéanamh i bPáirc an Fhionnuisce
2. Lord Frederick Cavendish (príomh-rúnaí na Breataine in Éirinn) agus Thomas Henry Burke (fo-rúnaí)
3. Cúigear
4. A cheann/chloigeann
5. Ordú ón Rialtas
6. Níor fhreagair
7. Príosún Chill Mhaighneann
8. Iad a bhogadh go Reilig Ghlas Naíon
9. Dí-adhlacadh na gcorp

